Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14861/19**

**FISC 483**
**ECOFIN 1116**
**ENER 535**
**CLIMA 320**
**MI 836**
**ENV 989**
**TRANS 573**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Nollaig 2019 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14608/19 |
| Ábhar: | Creat an Aontais don chánachas fuinnimh<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le creat an Aontais don chánachas fuinnimh, a ghlac an Chomhairle ag an 3736ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le creat an Aontais don chánachas fuinnimh**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) MEABHRAÍTEAR DI gur iarr an Chomhairle Eorpach[1] ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún obair a thabhairt chun cinn ar na dálaí, na dreasachtaí agus an creat cumasúcháin atá le cur i bhfeidhm d'fhonn an t-aistriú go hAontas Eorpach a bheidh aeráidneodrach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, a áirithiú, aistriú a chaomhnóidh iomaíochas na hEorpa, a bheidh cóir agus cothrom ar bhonn sóisialta, a chuirfidh san áireamh dálaí náisiúnta na mBallstát;

(2) AITHNÍONN SÍ go bhfuil an t-aistriú chuig geilleagair agus sochaithe a bheidh iomaíoch aeráidneodrach san Eoraip tábhachtach chun an fás inbhuanaithe agus an nuálaíocht a thabhairt chun cinn, chun feabhas a chur ar an iomaíochas, chun an tslándáil fuinnimh a mhéadú agus chun poist a chruthú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá comharthaí soiléire inchreidte a thabhairt do ghnólachtaí, d'infheisteoirí agus do thomhaltóirí d'fhonn cinnteacht níos fadtéarmaí agus creat rialála cobhsaí a chur ar fáil;

(3) MEASANN SÍ go bhféadfadh cánachas fuinnimh, mar ionstraim fhioscach, a bheith ina chuid thábhachtach de na dreasachtaí eacnamaíocha lena stiúrtar an t-aistriú fuinnimh rathúil, ag spreagadh astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus infheistíochtaí coigiltis fuinnimh agus ag cur leis an bhfás inbhuanaithe ag an am céanna;

(4) IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé a rinneadh le déanaí ar an ábhar sin ag cruinniú neamhfhoirmiúil ECOFIN i mí Mheán Fómhair 2019, agus an obair a rinne an Coimisiún ar an meastóireacht ar chreat an Aontais don chánachas fuinnimh;

---

1 https://www.consilium.europa.eu/media/39922/20-euco-final-conclusions-en.pdf

(5) CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach atá ag comhchuibhiú cánachais fuinnimh tríd an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú; AITHNÍONN SÍ nach bhfuil an treoir atá ann faoi láthair comhleanúnach le cuspóirí eile bheartais aeráide agus fuinnimh an Aontais, forbairt chreat dlíthiúil an Aontais agus a ghealltanais idirnáisiúnta, an meascán fuinnimh atá ag athrú agus an fhorbairt theicneolaíoch;

(6) TACAÍONN SÍ le nuashonrú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil don chánachas fuinnimh a chuirfidh le cuspóirí beartais eacnamaíoch agus comhshaoil an Aontais i gcoitinne; Maidir leis an gcreat seo CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart dó an méid a leanas go háirithe a dhéanamh:

- feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú,
- tacú leis an aistriú go hAontas Eorpach aeráidneodrach,
- cuidiú le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais agus riachtanais fhioscacha na mBallstát;

(7) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhonn togra a fhoilsiú in am trátha i ndáil leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a athbhreithniú ionas go léireofaí riachtanais reatha an Aontais agus na mBallstát; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint go háirithe ar raon feidhme na Treorach, íosrátaí, agus laghduithe agus díolúintí sonracha cánach;

(8) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún forálacha a thabhairt cothrom le dáta sa togra a bheidh ann amach anseo, de réir mar is iomchuí, d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad indéanta agus níos mó cinnteachta agus soiléireachta a sholáthar maidir lena chur chun feidhme, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh go háirithe:

- mar a dhéileálfar le bithbhreoslaí agus breoslaí malartacha eile,
- infheidhmeacht forálacha maidir le rialú agus gluaiseacht i leith táirgí áirithe, amhail bealaí agus breoslaí dearthóra,
- táirgí agus teicneolaíochtaí fuinnimh nua,
- earnálacha ábhartha, amhail an eitlíocht, agus a sainiúlachtaí, díolúintí atá ann cheana, agus a ngné idirnáisiúnta á gcur san áireamh,
- tionchair ar ioncam rialtais,
- próisis agus rialacha maidir leis an státchabhair;

(9) MOLANN SÍ don Choimisiún comhleanúnachas a áirithiú le cuspóirí beartais eile an Aontais agus le hionstraimí agus reachtaíocht ábhartha; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go gcuirfí san áireamh dálaí náisiúnta na mBallstát ionas go mbeidh solúbthacht ann dóibh agus iad ag iarraidh a gcuspóirí beartais a bhaint amach;

(10) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar a chuid tograí a mheasúnú ina n-iomláine i dtéarmaí na gcostas agus na sochar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a ghabhann leo agus i dtéarmaí na n-impleachtaí a bheidh acu don iomaíochas, don nascacht, don fhostaíocht agus don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, go háirithe do na hearnálacha ar mó a neamhchosaint ar an iomaíocht idirnáisiúnta; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit comhoibriú maidir le faisnéis agus sonraí faoi chánachas fuinnimh a roinnt leis an gCoimisiún d'fhonn measúnuithe ardcháilíochta a áirithiú;

(11) MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé go leanfaí, in aon obair a dhéanfar amach anseo, de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a urramú, go háirithe prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, agus de lánurraim a thabhairt d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach;

(12) CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart an ghné shóisialta a chur san áireamh agus beartais agus tionscnaimh á gcur chun feidhme lena dtacófar leis an aistriú chuig fuinneamh glan chun an aeráidneodracht a bhaint amach.